CEACHT 19

FÉASTA MHÁIRE



Pictiúr: Radharc:

Sa chistin, Mamaí ag obair, Bríd ag caint léi; Máire, figiúr 7, bronntanas, bord agus féasta breithlae air, bronntanas, cárta breithlae, airgead, siopa agus comhartha ceiste a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Cara le Bríd is ea Máire. Beidh sí seacht mbliana d'aois Dé Domhnaigh seo chugainn. Beidh féasta mór aici. Ba mhaith le Bríd dul ann.

Agallamh

BRÍD: Beidh féasta ag Máire Dé Domhnaigh, a Mhamaí. An mbeidh cead agam dul ann?
MAMAÍ: Cén fáth a mbeidh féasta aici?
BRÍD: Mar beidh sí seacht mbliana d'aois.
MAMAÍ: Beidh cead agat, mar sin. An dtabharfaidh tú bronntanas di?
BRÍD: Ó, tabharfaidh, cinnte.
MAMAÍ: An bhfuil go leor airgid agat?
BRÍD: Tá. Ceannóidh mé bronntanas agus cárta Dé Sathairn seo chugainn.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cé hí Máire?
Agus Dé Domhnaigh seo chugainn?
Céard a bheidh aici?
Ar mhaith le Bríd dul ann?

Tusa, a "Bhríd", inis do Mhamaí faoin bhféasta.
Faigh cead ó Mhamaí dul ann.
A "Mhamaí", cuir ceist ar Bhríd faoin bhféasta.
Inis di, a "Bhríd".
Anois, a "Mhamaí", tabhair cead di.
Agus cuir ceist faoin mbronntanas.
Freagair í, a "Bhríd".
A "Mhamaí", cuir ceist faoin airgead.
An bhfuil, a "Bhríd"?
Agus ceannóidh tú rud éigin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Beidh Máire seacht mbliana *Dé Domhnaigh* seo chugainn.
   (*Luan, Máirt, Céadaoin, Satharn, an tseachtain, an bhliain*).
2. Tá sí *seacht mbliana* d'aois.
   (*sé, seacht, ocht, naoi, deich,* etc.).

   Forainmneacha eile m.sh.

   mé, tú, a usáid in ionad *sí.*
3. Ba mhaith *le Bríd* dul ann.
   (*mise, tusa,* eisean, ise, iadsan, an buachaill*).
4. An dtabharfaidh tú bronntanas *di*?
   (*tusa, eisean, iadsan, Seán, an cailín*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Bríd agus a cairde ag an bhféasta breithlae.
3. Scéal a chumadh:
   Bhí Páid seacht mbliana d'aois. Bhí féasta mór aige . . .
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Dé Domhnaigh hurá!
Dé Domhnaigh hurí!
Beidh féasta mór ag Máire
Is í ocht mbliana d'aois.

II

Breithlá sona duit
A Mháire, a chroí
Breithlá sona do Mháire
Is tú ocht mbliana d'aois.

---

*.i. "Ba mhaith *liom* dul ann".